



Bainisteoir Sealadach Raidió Rí-Rá – Tréimhse 5 mhí go leith

Is cairt-stáisiún ceoil é Raidió Rí-Rá a bhíonn ag craoladh go hiomlán trí Ghaeilge. Bíonn an ceol ar fad ó na cairteacha le cloisteáil ar an stáisiún, mar aon le nuacht siamsaíochta, an nuacht spóirt agus an nuacht scannánaíochta is déanaí. Tá Raidió Rí-Rá le cloisteáil 24/7 ar líne, ar an raidió DAB nó is féidir aip Raidió Rí-Rá a íoslódáil saor in aisce. Bunaíodh Raidió Rí-Rá i 2008.

Tá Raidió Rí-Rá faoi cheannas Raidió X Teoranta le tacaíocht ó Chonradh na Gaeilge agus maoinithe ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta trí Chiste na Gaeilge ó Fháiltis an Chrannchuir Náisiúnta.

Tá sé i gceist againn bainisteoir sealadach a fhostú ar mhaithe le sos gairme a chlúdach. Tréimhse cúig mhí go leith atá i gceist (1 Aibreán 2019 - 18 Meán Fómhair 2019).

Cur síos ar an bpost

Faoi stiúradh Bord Raidió Rí-Rá, beidh sé de dhualgas ar an té a cheapfar na dualgais seo a leanas a chomhlíonadh:

- Sceideal an stáisiúin a bhainistiú
- Foireann an stáisiúin a bhainistiú
- An suíomh gréasáin a bhainistiú
- Ábhar a chruthú do na meáin shóisialta agus bainistiú a dhéanamh ar na meáin shóisialta
- Clár beo laethúil a léiriú agus a láithriú
- Cabhrú le Ródseó Raidió Rí-Rá
- Dualgais eile de réir mar is gá

Cur síos ar an té a cheapfar

- Ardchaighdeán Gaeilge agus Béarla idir scríofa agus labhartha
- Cur amach ar MS Office & G-Suite
- Cur amach ar na meáin shóisialta
- Taithí ag obair leis na meáin roimhe seo

Spriocdháta:

Is gá CV agus litir chumhdaigh as Gaeilge a chur chuig post@cnag.ie faoin **Aoine 1 Márta, @ 17:00**

Eolas eile:

- Tuarastal – pro rata d’Oifigeach Feidhmiúcháin (scála ag tosú ar €29,026)
- Conradh 5 mhí go leith atá ann, ag tosú **1 Aibreán 2019 agus ag críochnú 18 Meán Fómhair 2019**
- Beidh na hagallaimh don phost seo ar siúl **Dé hAoine 8 Márta in Uimhir 6, Sráid Fhearchair**
- Beidh an post seo lonnaithe i mBaile Átha Cliath